



# Aonad 5

---

## Scripteanna

### Aonad 5 Mír físe 1

#### Seán Ó Daimhín

*Well*, faoi láthair tá mise ag obair, tá mise ag obair le Comhairle Contae Dhún na nGall agus tá beirt oifigeach Gaeilge anois istigh sa<sup>1</sup> Chomhairle Contae agus tá dhá ról, is dócha, i gceist.

Ceann amháin, seirbhísí a fhorbairt don phobal ach fosta, cineál, imeachtaí pobail agus an Ghaeilge a chur in úsáid in áiteanna agus i réimsí teanga nach bhfuil sí in úsáid faoi láthair. Cúpla rud atá ar bun faoi láthair ná bhí, cineál, cúrsa cúig seachtaine ansin ag foghlaim na jiveála,<sup>2</sup> an damhsa jiveála agus an válsáil. Fuair muid cainteoir dúchais as Gaoth Dobhair a tháinig isteach go Leitir Ceanainn.

Now seo fear a bhí ag teagasc an damhsa le cúig bliana déag, cainteoir dúchais é féin ach a bhí ag teagasc i mBéarla agus níor smaointigh sé air seo a dhéanamh i nGaeilge. Ach d'iarr muid air seo a dhéanamh. Comhghleacaí liom a chuir tús leis seo, Róise Nic Laifeartaigh sa Chomhairle Contae, agus iarradh air é a dhéanamh i nGaeilge agus rinne sé i Leitir Ceanainn é. Agus tháinig, b'fhéidir, suas le caoga duine chuig na ranganna damhsa seo agus bhí an ceol ag gabháil ar aghaidh fosta, ceol i nGaeilge, nuair a bhí muid ag déanamh nó ag foghlaim an damhsa.

Agus sílimse go bhfuil sin fíorthábhachtach mar go leor, fiú cainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí – labhrann<sup>3</sup> siad Gaeilge i measc... lena gcairde, nó, b'fhéidir, sa teaghlach ach ní labhrann siad an Ghaeilge amuigh sna réimsí poiblí seo. Agus fiú dúirt sé féin, gur fhoghlaim sé féin cuid mhór uaidh sin, ó thaobh úsáid na teanga sa chomhthéacs sin. So sin rud amháin – an Gaelstep. Agus tá súil agam go mbeidh sin ag leanstan<sup>4</sup> ar aghaidh amach anseo.

Tá rud eile ar siúl againn i Leitir Ceanainn – Gaelfit. Sin aríst... tá go leor campaí aclaíochta ar siúl faoi láthair in achan bhaile mór agus fuair muid amach go raibh fear óg istigh ansin as Loch an Lúir ó dhúchas agus tá sé ina chónaí i Leitir Ceanainn ag déanamh campaí aclaíochta. Agus iarradh air rang aclaíochta i nGaeilge a chur ar fáil. Bhí sé féin rud beag neirbhíseach fá dtaobh de agus dúirt sé nár úsáid sé a chuid Gaeilge le blianta. Ach anois, tá an rud faoi lán seoil, agus aríst cineál...is ardú feasachta atá ann. Chan amháin do na foghlaimeoirí agus do na daoine atá ag freastal.

Agus is mó suim atá ag na daoine san aclaíocht ná sa teanga. Níl sa teanga ach cineál uirlis chumarsáide san ócáid. Ach tá ardú feasachta fosta faoi úsáid na teanga taobh amuigh den tseomra ranga, taobh amuigh den teaghlach, taobh amuigh den chomhthéacs ina bhfuil do chuid cairde agus in áit níos poiblí. Agus aríst eile, tá an ceol Gaelach ag gabháil anois istigh in *Motivate* ansin i Leitir Ceanainn.

So sin an cineál ruda agus tá muid ag smaointiú ar rudaí eile a dhéanamh amach anseo. B'fhéidir, turais rothaíochta nó imeachtaí agus bhí siúlóid faoi sholas na gealaí thíos i nGleann Bheatha againn... agus sa dorchadas ansin, oíche iomlán gealaí, b'fhéidir trí seachtaine ó shin. Agus tháinig níos mó ná caoga duine chuige sin. So tá suim ag daoine sna rudaí seo agus má fhaigheann tú, má fhaigheann tú gníomhaíocht a bhfuil suim ag daoine ann agus, ansin, sin a dhéanamh i nGaeilge, seachas a bheith ag smaointiú ar an Ghaeilge ar dtús, smaointigh ar an ghníomhaíocht ar dtús agus ansin feiceáil... an bhfuil tú ábalta é a dhéanamh i nGaeilge. Agus sin atá ar bun againn agus tá ag éirí go han-mhaith leis, caithfidh mé a rá.

- 1 ...sa Chomhairle... Is é a deir Seán, 'insa Chomhairle.'
- 2 ...ag foghlaim na jiveála ... Gan amhras, is *jiving* atá i gceist ag Seán. Ar [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie), tugtar rogha don úsáideoir idir an traslitriú 'jeighbheáil' agus an leagan gnáthchainte 'jiveáil'. Is é atá sa leagan gnáthchainte an focal Béarla *jive* agus an deireadh '-áil' curtha leis. Úsáidtear an cleas sin go minic sa ghnáthchaint le briathra úra a chur ar fáil.
- 3 ...labhrann siad... Is ionann seo agus 'labhraíonn siad.' Cuid de na briathra sin atá sa dara réimniú de réir an Chaighdeáin Oifigiúil – mar shampla 'ceanglaíonn' nó 'osclaíonn' – pléann na hUltaigh leo mar bhriathra den chéad réimniú: 'ceanglann' nó 'fosclann'.
- 4 ...ag leanstan... Leagan Ultach den ainm bhriathartha 'leanúint.'

## Aonad 5 Comhad fuaime 1

Tá mise ag cur fúm i mbaile beag – bruachbhaile ar an taobh ó thuaidh de Bhaile Átha Cliath. Tá mé ansin anois le corradh agus cúig bliana agus caithfidh mé a rá go bhfuil mo chroí istigh san áit. Cinnte, bhí mé rud beag drogallach ag an tús. Ní raibh aithne agam ar dhuine ná deoraí agus shíl mé go mbeadh orm dul isteach sa chathair dá mbeadh fonn cuideachta nó siamsaíochta orm.

Sin mar a bhí ar feadh tamaill, go dtí go bhfaca mé fógra ag an stáisiún traenach lá, ag tabhairt le fios go raibh ranganna garradóireachta<sup>1</sup> ag toiseacht<sup>2</sup> go luath díreach síos an bealach mór ón áit a bhfuil mé i mo chónaí. Tá garradh<sup>3</sup> breá fairsing ar chúl an tí againn agus bhí sé i gcónaí i gceist agam rudaí a chur ach ní raibh barúil faoin spéir agam cá dtoiseoinn leis an obair sin. Níor éirigh go rómhaith leis na hiarrachtaí beaga a rinne mé roimhe seo cúpla planda a chur ag fás.

Cá bith, ar aghaidh liom chuig na ranganna agus caithfidh mé a rá go bhfuil mé iontach tógtha leo. Is é an rud is fearr ar fad ná go bhfuil Gaeilge bhreá ag an teagascóir agus measarthacht den teangaidh<sup>4</sup> agam féin agus dornán eile sa rang. Anois, is minic a bhíonn píosaí beaga den rang i nGaeilge agus téann muid amach le chéile fá choinne béile nuair a bhuaileann an fonn muid. Gaeilge agus garradóireacht – cé a shílfeadh é! Deirtear liom go bhfuil go leor daoine sa cheantar a bhfuil Gaeilge acu agus sílim go mb'fhéidir go ndéanfaidh mé féin iarracht tús a chur le rang grianghrafadóireachta i nGaeilge amach anseo, san Earrach. Nó chífidh<sup>5</sup> mé an bhfuil suim ag daoine i rudaí eile a dhéanamh trí Ghaeilge. Sílim nach mbíonn daoine

chomh buartha faoin teangaidh a labhairt nó botúin a dhéanamh nuair a bhíonn siad i mbun rud inteacht eile seachas a bheith istigh i rang.

Anois, maidir leis na ranganna garradóireachta de, ní bheadh sé deacair mo chuid iarrachtaí a mholadh ach, sin ráite, tá na meacain dhearga ag déanamh go maith. Cá bhfios ná go mbeidh glasraí ón gharradh á réiteach agam don dinnéar roimh i bhfad.

- 1 ...*ranganna garradóireachta*... Is é a bheadh ann de réir an Chaighdeáin Oifigiúil: ‘ranganna garraíodóireachta.’
- 2 ...*toiseacht*... Leagan Ultach den ainm bhriathartha ‘tosú.’ ‘Toisigh’ a deirtear i gCúige Uladh, seachas ‘tosaigh’.
- 3 ...*garradh*... Leagan Ultach den ainmfhocal ‘garraí’ (gairdín).
- 4 ...*measarthacht den teangaidh*... Is mar sin a deirtear ‘teanga’ sa tuiséal ainmneach agus sa tuiséal thabharthach: ‘Is teangaidh dheacair í an Rúisis’, ‘Labhair sí liom i dteangaidh choimthíoch.’ Is ‘teanga’ a deirtear sa tuiséal ghinideach: ‘rialacha na teanga.’
- 5 ...*chífidh mé*... Is ionann seo agus ‘feicfidh mé’. Tá níos mó ná bealach amháin ann leis an leagan Ultach seo a litriú. Scríobhtar ‘chím’ agus ‘tchím’. Fuaimnítear é amhail is gur ‘tím’ a bheadh ann.